



Droichead - Samhail Chuimsitheach um Bainistiú Iompraíochta- Iar-bhunscoil

At a Glance

*Is é an bhunaidhm atá leis an mbainistiú iompraíochta agus an smacht, i gcomhthéacs scoil ar bith, ár scoláirí a chur ar a gcumas **a bheith feasach ar a n-iompraíocht toisc go dtéann sí i bhfeidhm ar chearta daoine eile agus a n-iompraíocht a ghabháil chucu féin maidir le cearta daoine eile.***

(An Dr Bill Rogers, 2020)

Beagán níos mó faisnéise

Tá samhail chomhtháite chuimsitheach um bainistiú iompraíochta curtha le chéile ag an Dr Bill Rogers. Tá ceithre ghné rithábachtacha sa tsamhail:

- bunú
- spreagadh/ceartú
- iarmhairtí
- réiteach/atógáil.

Céim 1: Bunú

Sa chéim seo den chaidreamh idir an múinteoir agus na scoláirí, bítear ag súil go dtabharfaidh an múinteoir soiléiriú ar an méid seo a leanas:

- na **rialacha** (agus an fáth a bhfuil siad againn).
- na **cearta atá mar bhunús le rialacha ar bith**.
- na **gnáthaimh bhunúsacha** a chinntíonn go dtéann rang ar aghaidh go binn.
- na **freagrachtaí** a mbítear ag súil leo (sa phobal foghlama).

Ina theannta sin, pléifidh an múinteoir an ceangal atá idir cearta, freagrachtaí agus rialacha, agus nádúr na n-iarmhairtí iompraíochta.



Oide

Tacú leis an bhFoghlaim
Ghairmiúil i measc Ceannairí
Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional
Learning of School Leaders
and Teachers



Oide

Tacú leis an bhFoghlaim
Ghairmiúil i measc Ceannairí
Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional
Learning of School Leaders
and Teachers



Céim 2: Spreagadh agus Ceartú

Is ríthábhachtach an spreagadh maidir leis an atmaisféar atá sa seomra ranga agus an caidreamh idir an múinteoir agus an grúpa ranga. Is féidir spreagadh a úsáid freisin mar theanga mheabhraithe i mbainistiú iompraíochta, e.g. i gcás scoláire atá á ligeann féin siar sa suíochán 'Ainm... cuir na ceithre chos ar an urlár, go raibh maith agat'.

Is é is aidhm le bainistíocht cheartúcháin foghlaim 'i mbun taisc', úinéireacht ar iompraíocht agus meas ar chearta a chéile, a spreagadh. Ba chóir go mbeadh sí measúil, ba chóir go mbeadh cuspóir léi agus ba chóir go mbeadh sí ag teacht leis na prionsabail seo a leanas, más féidir:

- **Cuir isteach a laghad** agus is féidir
- Bain úsáid as teanga cheartaitheach **dhearfach**
- Seachain achrainn nach bhfuil gá leo
- **Dírigh ar an bpríomhcheist**/ar an bpríomhiompraíocht
- **Athbhunaigh an caidreamh** leis an scoláire tar éis an cheartaithe
- Coinnigh an caidreamh leis an scoláire slán

Céim 3: Iarmhairtí

Is féidir iarmhairtí iompraíochta a phlé nuair is cuí. I gcásanna den sórt sin, thiocfadh leis an múinteoir roinnt prionsabal um chleachtas aisiríoch a phlé leis an scoláire lasmuigh d'am ranga.

Nuair a bhíonn scoláire i gcónaí i mbun iompraíocht atá suaiteach, naimhdeach, ionsaitheach, contúirteach, lena mbaineann bulaíocht, foréigean, drugaí, etc., níor cheart aon phlé a dhéanamh ar iarmhairtí na hiompraíochta sin. I gceachtar cás, maidir le hiarmhairtí iompraíochta:

- Ba chóir go mbeadh baint acu leis na cearta agus na rialacha a mbíonn tionchar ag an iompraíocht orthu
- Is féidir iad a chur i bhfeidhm láithreach nó iad a iarchur
- Ba chóir go mbeidís soiléir agus ba cheart go mbeifí eolach orthu roimh ré i gcás iompraíochtaí níos tromchúisí (féach Cód Iompraíochta na scoile)
- Níor cheart go mbeadh deireadh leis an bpróiseas leo – ba cheart an caidreamh a





réiteach agus a atógáil ina dhiaidh sin

- Ba cheart a chinntiú **go mbíonn siad ann** agus go bhfuil sé sin níos tábhachtaí ná a **dhéine atá siad**.

Céim 4: Réiteach agus Atógáil

Cinntíonn réiteach agus atógáil go mbíonn a fhios ag an scoláire **nach raibh drochthionchar** ag an iompraíocht **ar an gcaidreamh leis an múinteoir**

Is féidir le réiteach agus atógáil cuidiú le ceisteanna bainistithe iompraíochta a chosc amach **anseo**. Féadfaidh aon cheann de na gníomhartha seo a leanas a bheith i gceist le réiteach agus atógáil:

- Cuairt a thabhairt ar dheasc an scoláire sa rang agus fiafraí de/di conas mar atá ag éirí lena c(h)uid oibre
- Aiseolas a thabhairt don scoláire ar an obair a rinneadh
- ‘Comhrá’ a dhéanamh tar éis an ranga
- Plean iompraíochta a fhorbairt leis an scoláire
- Dul i mbun Idirghabhála nó Cleachtas Aisiríoch.

Tuilleadh eolais

Leabhair	Suíomhanna Gréasáin
<i>A Whole School Approach: Behaviour Management</i> , Dr Bill Rogers	https://www.youtube.com/watch?v=r351z1MqL10

